

Fadhb na nDrugáí.

Feicimid agus léimid faoi fhadhb na ndrugáí gach lá. Tá an fhadhb seo le feiceáil timpeall an domhain, timpeall na tíre agus fiú timpeall ár gceantar féin. Ní raibh drugaí le fáil anseo fiche bliain ó shin, ach tá a lán athraithe sa tír seo le déanaí. Tá sé éasca go leor teacht ar dhruaí sa lá atá inniu ann.

Baineann fadhb na ndrugáí le go leor daoine. Áfach is minic a bhíonn déagóirí agus daoine fásta i gceist. Cuirtear an cheist seo go minic. Cén fáth go dtógann daoine drugaí? Is dócha go bhfuil cúpla fáth ann. Tosaíonn daoine ag plé le drugaí:

- má tá siad faoi bhrón,
- má tá a saol leadránach,
- má tá siad bréan den saol,
- má tá siad faoi bhrú,
- má tá fadhbanna sa chlann acu, nó
- má shíleann siad go mbaineann gach duine triail as drugaí.

Deirtear go bhfuil níos mó airgid ag daoine inniu ná mar a bhí. Ar dtús is féidir le daoine íoc as drugaí ach nuair a éiríonn siad gafa, caithfidh siad airgead a fháil chun drugaí a cheannach. Is cuma cén áit a fhaigheann an t-andúileach airgead. Goideann sé é, díolann sé rudaí nó téann sé thart ag díol drugaí. Is minic a théann an t-andúileach go príosún, agus cailleann sé gach rud. Bíonn a chlann thíos chomh maith.

Cad a dhéanfaimid faoin fhadhb seo? Caithfimid níos mó eolais a chur ar fáil do dhéagóirí agus do dhaoine óga. Caithfimid a chur in iúl do dhaoine nach bhfuil drugaí sláintiúil, agus nach fiú triail a bhaint astu. Tá sé tábhachtach go dtuigeann daoine an dáinséar a bhaineann leo.